*(3) An 6 Márta 2023, d'fhoilsigh an Bord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach (ESGAB) a thuarascáil bhliantúil do 2022. Mar a luaitear inti, tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas gairmiúil a áirithiú chun Staidreamh Eorpach atá oibiachtúil agus neamhchlaonta a sholáthar agus chun muinín an phobail i gcinntí agus i mbeartais atá bunaithe air a chothú. Dá bhrí sin, tá na Ballstáit agus an Coimisiún le dea-chleachtais idirnáisiúnta a leanúint maidir le cinn na n-institiúidí náisiúnta staidrimh (ISNanna) agus Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin (Eurostat) faoi seach a roghnú, a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost, ar bhonn critéir ghairmiúla shoiléire amhail clú staidrimh agus ardleibhéal inniúlachta i réimse an staidrimh. Na cúiseanna le foirceannadh luath an chonartha, níl siad le cur isteach ar an neamhspleáchas gairmiúil; tú údar maith le bheith leo, tá siad le sonrú agus le cur in iúl ar bhealach iomchuí, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do chearta an duine lena mbaineann. Ina theannta sin, tá an Coimisiún (Eurostat) le ESGAB a chur ar an eolas faoi aon imní mhór atá air maidir le cur chun feidhme Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh, i bhfianaise ról tábhachtach ESGAB mar chomhlacht de chuid an Aontais ar cuireadh de chúram air measúnú neamhspleách a sholáthar ar an dóigh ar chuir CSE Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh i bhfeidhm agus comhairle a sholáthar maidir le muinín agus iontaoibh úsáideoirí i Staidreamh Eorpach a neartú.*

(4) Tá réaltachtaí atá thar a bheith difriúil ann mar gheall ar an gclaochlú digiteach agus tá timpeallacht nua cruthaithe aige ina bhfuil riachtanais nua maidir le Staidreamh Eorpach. Thairis sin, mar thoradh ar ***imeachtaí daonnúla agus polaitiúla le déanaí, amhail paindéim*** ▌ COVID-19, agus ar an ngéarchéim fuinnimh ***agus costais maireachtála*** a spreagadh le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine**,** méadaíodh na héilimh agus na hionchais maidir le Staidreamh Eorpach níos tráthúla, níos minice agus níos mionsonraithe a theastaíonn chun ***tacú le*** cinnteoireacht an Aontais agus chun an fhreagairt is fearr is féidir ón Aontas ar ghéarchéimeanna a áirithiú.

***(5) Is féidir géarchéimeanna a bheith ann ina mbíonn gá le Staidreamh Eorpach tráthúil agus nuálach chun freagairt ar riachtanais bheartais phráinneacha. Mar shampla, cuireann an easpa sonraí tráthúla maidir le brabúis aonaid agus brabúis ghnó bac ar lucht déanta beartas agus iad ag iarraidh measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar shaincheist an bhorrtha ar phraghsanna tráth a dhéantar taighde ar thionchar na mbeartas corparáideach mar chúinse a d'fhéadfadh cur leis an mboilsciú. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, nósanna imeachta a bhunú chun freagairt ar riachtanais bheartais phráinneacha maidir le Staidreamh Eorpach.***

(6) Chun aghaidh a thabhairt ar éilimh agus ionchais mhéadaitheacha maidir le Staidreamh Eorpach níos tráthúla, níos minice agus níos mionsonraithe chomh maith le freagairt CSE níos tapúla agus níos comhordaithe ar éilimh staidrimh phráinneacha le linn géarchéime, is gá Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 a leasú. Is é cuspóir an Rialacháin leasaithigh seo a áirithiú go leanfaidh Staidreamh Eorpach de bheith ábhartha trí riachtanais úsáideora atá ag athrú agus atá níos déine a chur san áireamh, go háirithe trí leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na bhfoinsí sonraí digiteacha agus na dteicneolaíochtaí digiteacha agus trína ***n-úsáid*** le haghaidh Staidreamh Eorpach a chumasú, trí CSE a dhéanamh níos aclaí agus níos ábalta freagairt go héifeachtach agus go tapa ar ghéarchéimeanna, trí chomhroinnt sonraí a ***cheadú*** agus trí chomhordú i measc comhpháirtithe CSE a neartú.

(7) Chun léiriú a thabhairt ar na réaltachtaí atá ann faoi láthair agus ar an timpeallacht dhigiteach iarbhír ina n-oibríonn CSE, ba cheart sainmhínithe nua nó nuashonraithe a thabhairt isteach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 chun soiléiriú a dhéanamh ar na coincheapa arb iad 'sonraí', 'meiteashonraí', '***sealbhóir*** sonraí***', 'foinse sonraí***', ***'rochtain ar*** shonraí***' agus*** 'úsáid chun críoch staidrimh'**.**

(11) Is iarraidh sheanbhunaithe ó CSE é rochtain a fháil ar fhoinsí nua sonraí, go háirithe ar shonraí a choinnítear go príobháideach, mar a léiríodh i bpáipéar seasaimh CSE maidir le rochtain ar shonraí a choinnítear go príobháideach agus a bhfuil leas an phobail ag baint leo ó mhí na Samhna 2017, agus i bpáipéar seasaimh CSE maidir leis an togra faoin nGníomh um Shonraí a bheidh ann amach anseo ó mhí an Mheithimh 2021.

(12) Ba cheart ***úsáid*** sonraí a choinnítear go príobháideach agus foinsí nua sonraí eile a bheith faoi réir coimircí agus ráthaíochtaí diana dlíthiúla, teicniúla agus nós imeachta, lena n-áirítear ardleibhéal slándála, rúndachta agus meas ar phríobháideacht a chur i bhfeidhm, mar a chumhdaítear cheana i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. ▌ Ba cheart rochtain ar shonraí a choinnítear go príobháideach a bheith teoranta do ISNanna, ag gníomhú dóibh féin nó thar ceann ***údaráis*** náisiúnta ***eile*** CSE, agus don Choimisiún (Eurostat) amháin***.*** Ba cheart ***fíorghá a bheith leis na sonraí a iarrtar*** le haghaidh Staidreamh Eorpach ***agus staidreamh atá á fhorbairt a*** fhorbairt***, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Ba cheart ainm bréige a chur i bhfeidhm ar shonraí den sórt sin a choinnítear go príobháideach i gcomhréir le hAirteagal 89 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[10] ***agus le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[11].

---

10 ***Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

11 ***Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

(15) Ba cheart comhtháthú breise staidrimh agus faisnéise geospásúla a mholadh chun úsáid níos éifeachtúla acmhainní agus comhtháthú feabhsaithe sonraí ag eagraíochtaí poiblí éagsúla a chumasú, chun aschuir nua staidrimh a tháirgeadh, amhail anailís spásúil, agus chun léirshamhlú agus scaipeadh sonraí a fheabhsú. Thacódh comhtháthú breise den sórt sin le cinnteoireacht agus le faireachán ar spriocanna beartais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

***(16) Ba cheart don Choimisiún (Eurostat), do ISNanna agus d'údaráis náisiúnta eile a ndícheall a dhéanamh rochtain a thabhairt ar a mbunachair sonraí agus ar mheiteashonraí tacaíochta agus ar dhoiciméadacht eile atá ábhartha do mheasúnú cáilíochta trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí atá cothrom le dáta agus atá éasca le húsáid.***

***(17) Déanann an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh freisin ach faoi chreat dlíthiúil ar leithligh, rud a léiríonn struchtúr rialachais CEBC. I gcomhréir le hAirteagal 338(1) CFAE agus Airteagal 5 de Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá gá le dlúthchomhar agus comhordú iomchuí idir CSE agus CEBC, go háirithe chun malartú sonraí a chothú idir an dá chóras go heisiach chun críoch staidrimh. Thairis sin, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle[13].***

---

[13] ***Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le faisnéis staidrimh do bhailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 8).***

***(18) Rannchuidíonn malartú sonraí rúnda le cáilíocht fheabhsaithe an staidrimh Eorpaigh. Tá obair déanta go gníomhach ag CSE ar mhalartú sonraí den sórt sin a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh do tharchur sonraí rúnda i reachtaíocht earnálach éagsúil. Ba cheart na hiarrachtaí sin a shaothrú. Ba cheart malartú frithpháirteach sonraí rúnda a cheadú laistigh de CSE agus idir CSE agus CEBC araon, i gcás inar gá ar mhaithe le Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh go héifeachtúil nó chun cáilíocht Staidrimh Eorpaigh a fheabhsú. I gcás inar tarchuireadh sonraí rúnda chuig an gCoimisiún (Eurostat), ba cheart gá a bheith le formheas ó ISN nó ón údarás náisiúnta eile a sholáthair na sonraí.***

(19) Comhlachtaí náisiúnta poiblí ***agus leathphoiblí*** atá i gceannas ar fhoinsí sonraí riaracháin***, bunachair sonraí riaracháin, córais idir-inoibritheachta riaracháin nó sonraí*** is ábhartha chun Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, is gá a áirithiú go ligfidh siad do ISNanna ***agus d'údaráis náisiúnta eile*** na sonraí sin a rochtain, ***a úsáid*** agus a chomhtháthú saor in aisce in am agus minic go leor ***chun*** Staidreamh ***Eorpach a fhorbairt,*** a tháirgeadh agus ***a scaipeadh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sé indéanta creataí samplála staidrimh a thógáil bunaithe ar shonraí riaracháin ábhartha ó ISNanna agus ó údaráis náisiúnta eile***.

(22) Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta chun críoch staidrimh oifigiúil ag ISNanna agus údaráis náisiúnta eile, a mheastar a bheith chun leasa an phobail, a bheith cumhdaithe ag maoluithe agus faoi réir coimircí iomchuí, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Mar shampla, níor cheart a mheas go bhfuil tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta chun críoch staidrimh ar neamhréir leis na críocha tosaigh ar chucu a bailíodh iad. ***Is sonraí rúnda iad sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun críoch staidrimh ar mhaithe le leas an phobail agus dá bhrí sin tá siad faoi réir phrionsabal na rúndachta staidrimh, rud a chiallaíonn nár cheart iad a úsáid ach amháin chun críoch staidrimh agus nár cheart iad a úsáid riamh chun tacú le bearta nó cinntí maidir le haon duine nádúrtha ar leith.*** Sa chomhthéacs sin, áirítear ar na coimircí ar leith***,*** ar cheart iad a chur i bhfeidhm nuair a cheanglaítear le comhroinnt sonraí faoi Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 sonraí pearsanta a phróiseáil, ***bearta teicniúla agus eagraíochtúla amhail teicneolaíocht cosanta príobháideachais agus urraim do phrionsabail an teorannaithe de réir cuspóra***, an ***íoslaghdaithe*** sonraí, an teorannaithe stórála agus na sláine agus na rúndachta mar a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2016/679 ***agus (AE) 2018/1725 agus mar a mhionsonraítear tuilleadh i gCód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh***. Maidir leis sin, ba cheart teicneolaíochtaí cosanta príobháideachais a úsáid chun sonraí a chomhroinnt, ar teicneolaíochtaí iad atá ceaptha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme. ***De bhun Airteagal 89(2) de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart maoluithe a dheonú leis an dlí náisiúnta d'fhorbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh a bheith á ndéanamh ag ISNanna agus ag údaráis náisiúnta eile, faoi na coimircí a leagtar síos ann.***

(23) Chun bheith ar thús cadhnaíochta maidir le teicneolaíochtaí nua agus léargais nua a chomhtháthú de réir a chéile, agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú go leanfaidh Staidreamh Eorpach de bheith ábhartha, ba cheart rialacha ▌ a bhunú faoinar féidir staidreamh a fhorbairt, mar chuid d’iarracht chomhchoiteann de chuid CSE***, i gcomhréir le riachtanais na n-úsáideoirí,*** i réimsí sonracha ***i bhfoirm staidreamh atá á fhorbairt nó i bhfoirm staidreamh turgnamhach***, agus é mar aidhm leis sin iad a chomhtháthú i dtáirgeadh rialta Staidrimh Eorpaigh. Cé nach gá go gcomhlíontar na critéir cháilíochta go léir a leagtar síos in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, ba cheart caitheamh le staidreamh den sórt sin mar Staidreamh Eorpach. ***Ba cheart faisnéis thrédhearcach faoi cháilíocht an staidrimh atá á fhorbairt nó faoi staidreamh turgnamhach a bheith ag gabháil lena bhfoilsiú.***

(24) Agus iad ag féachaint le haschuir nua staidrimh a nuáil agus a fhorbairt ▌, ba cheart do na húdaráis staidrimh náisiúnta lánaird a thabhairt ar riachtanais na n-úsáideoirí arna léiriú, go háirithe ag comhairlí náisiúnta úsáideoirí staidrimh ***nó comhlachtaí iomchuí eile***. Ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Choimisiún an Coiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach (ESAC), a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] mar phríomhchomhlacht de chuid an Aontais a dhéanann ionadaíocht ar úsáideoirí, freagróirí agus táirgeoirí staidrimh Eorpaigh, a chur ar an eolas faoin gcaoi ar chuir sé tuairimí ESAC san áireamh, go háirithe maidir le Staidreamh Eorpach nua a fhorbairt.

---

[14] Cinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/116/CEE ón gComhairle (IO L 73, 15.3.2008, lch. 13).

